



# Mo Lá

| Céim | Snáithe | Snáithaonad |
|------|---------|-------------|
| 1    | Tomhais | Am          |

| Torthaí Foghlama                                                                                                                                                                                           | Coincheapa Matamaitice                                                                                                                                                                                                               |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <ul style="list-style-type: none"> <li>Trí úsáid a bhaint as eispéiris foghlama spraíúla chuí agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann tuiscint a fhorbairt ar am agus a úsáidí.</li> </ul> | <ul style="list-style-type: none"> <li>Is féidir cur síos a déanamh ar imeachtaí i ngnáthchúrsaí an tsaoil agus is féidir iad a chur in ord. Is léaráid úsáideach é amchlár chun an uair a tharlóidh rudaí a thaispeáint.</li> </ul> |

## Matamaitic á Foghlaim

San eispéireas foghlama seo, pléann na foghlaimeoirí a lá agus cuireann siad na himeachtaí a tharlaíonn i rith an lae in ord agus baineann siad úsáid as an stór focal a bhaineann cúrsaí ama. Baineann na foghlaimeoirí úsáid as stiall páipéir chun taifead pictiúrtha a tharraingt ar an ord ina dtarlaíonn na himeachtaí seo. Is féidir leo “leabhar” a dhéanamh chun an nádúr leanúnach a bhaineann le cúrsaí ama a thaispeáint, trí dheirí na stiallacha páipéir a cheangal lena chéile.

| Tuiscint agus Ceangal                                                                                            | Cumarsáid                                                                                                                                                                                                                                                                                                            | Réasúnaíocht                                                                                                            | Cur i bhFeidhm agus Fadhbanna a Réiteach                                                                                                                                                            |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <i>An foghlaimeoir</i>                                                                                           |                                                                                                                                                                                                                                                                                                                      |                                                                                                                         |                                                                                                                                                                                                     |
| Glacann sé am chun smaoineamh, smaointí a roinnt le páistí eile (cómhrá beirte), sula roinnfidh sé leis an rang. | <p>Baineann sé úsáid as an stór focal a bhaineann le cúrsaí ama (e.g. <i>roimh, tar éis, go gairid, anois, níos déanaí, am luí, am lóin</i>) chun teanga mhatamaiticiúil a fhorbairt chomh maith le coincheap an tseichimh.</p> <p>Tugann sé a chuid leabhar abhaile, chun an t-eolas a roinnt le muintir an tí.</p> | Déanann sé plé ar sheicheamh a laethanta le piaraí agus sainaithníonn sé earráidí féideartha i seicheamh croineolaíoch. | <p>Aithníonn sé an uair sa lá a tharlaíonn imeacht nuair a thugtar réimse cásanna dó e.g.</p> <p>- Tá mé ag scuabadh mo chuid fiacla. Cén t-am den lá a d’fhéadfadh a bheith ann agus cén fáth?</p> |



| Matamaitic á Teagasc                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                |                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |                                         |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------|
| Meon Táirgiúil a Chothú                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                             | Spraíúlacht a Spreagadh leis an Matamaitic                                                                                                                                                                                                                                                         |                                         |
| <p>Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí comhoibriú i mbeirteanna cumas measctha chun idirghníomhú agus oibriú as lámha a chéile lena phiaraí.</p> <p>Déan ceiliúradh ar iarracht agus ar rath na bhfoghlaimeoirí.</p>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              | <p>Iarr ar na foghlaimeoirí dráma a dhéanamh de na himeachtaí a tharlaíonn sa lá.</p>                                                                                                                                                                                                              |                                         |
|                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     | <th>Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil</th>                                                                                                                                                                                                                                                   | Béim a Chur ar Shamhaltú Matamaiticiúil |
|                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                     | <p>Lig cead do na foghlaimeoirí bealach dá gcuid féin a fhorbairt chun imeachtaí an lae a léiriú seachas teimpléad a thabhairt dóibh.</p>                                                                                                                                                          |                                         |
| Tascanna atá Dúshlánach go Cognaíoch a Úsáid                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                        | Cómhrá Mata a Chur Chun Cinn                                                                                                                                                                                                                                                                       |                                         |
| <p>Méadaigh líon na n-imeachtaí ar feadh an lae ó chúig go dtí ocht n-imeacht.</p>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                  | <p>Bain úsáid as ceistiúchán chun cómhra mata a chur chun cinn ach úsáid a bhaint as an stór focal a bhaineann le cúrsaí ama.</p> <p>Tabhair spreagadh do na foghlaimeoirí ceisteanna a chur ar a chéile faoi sheicreamh a laethanta le linn na gníomhaíochta smaoinigh, cómhra beirte, roinn.</p> |                                         |
| Measúnú a Dhéanamh ar Mhatamaitic                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   |                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |                                         |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>An bhfuil na foghlaimeoirí ag baint úsáid as an teanga chuí a bhaineann le cúrsaí ama?</li> <li>An léiríonn an mionleabhar an tuiscint go mbíonn an t-am á chaitheamh?</li> <li>An bhfuil na foghlaimeoirí in ann cur síos a dhéanamh ar na himeachtaí ina ngnáthchúrsaí lae ina bhfocail féin?</li> <li>Iarr ar na foghlaimeoirí aiseolas a thabhairt ar an eispéireas foghlama, chun rath agus dúshlán a shainaithint, rudaí is féidir a úsáid chun eispéiris foghlama a phleanáil amach anseo.</li> </ul> |                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |                                         |
| Foinse                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                              |                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |                                         |
| <p><a href="#">Tomhais: Lámhleabhar an Mhúinteora</a> lch 256</p>                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                                   |                                                                                                                                                                                                                                                                                                    |                                         |